CINNEADH (CBES) 2021/258 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/101/CBES ([1]) maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

(2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar Chinneadh 2011/101/CBES, agus an staid pholaitiúil sa tSiombáib á cur san áireamh.

(3) Ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha go dtí an 20 Feabhra 2022. Ba cheart don Chomhairle athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu i bhfianaise forbairtí polaitiúla agus slándála sa tSiombáib

(4) Ba cheart an iontráil do dhuine éagtha amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá ainmnithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES. Ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan do thriúr agus d'eintiteas amháin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, agus ba cheart an fhaisnéis aitheantais agus na forais atá leis an ainmniú a thabhairt cothrom le dáta do bheirt a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Ba cheart fionraí na mbeart sriantach a athnuachan do thriúr a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin agus ba cheart duine éagtha amháin a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/101/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 20 Feabhra 2022.

3. Déanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(1) agus (2), a mhéid a bhaineann siad le daoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, a chur ar fionraí go dtí an 20 Feabhra 2022.

4. Déanfar an Cinneadh seo a choimeád faoi athbhreithniú leanúnach agus déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.";

(2) cuirtear Iarscríbhinn I in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN I

NA DAOINE AGUS NA hEINTITIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 4 AGUS 5

I. Daoine

	Ainm (agus aon ailiasanna)	Faisnéis aitheantais	Na forais atá leis an ainmniú
2.	MUGABE, Grace	Rugadh an 23.7.1965 Pas AD001159 ID 63-646650Q70	Iar-Rúnaí Léig na mBan de chuid ZANU-PF ((Aontas Náisiúnta Afracach na Siombáibe – Fronta Tírghrách) (Zimbabwe African National Union – Patriotic Front)), páirteach i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór ón daonlathas, ón urraim do chearta an duine agus ón smacht reachta. Ghlac an Iron Mask Estate chuici féin in 2002; líomhnaítear go mbaineann sí brabúis mhóra go haindleathach as mianadóireacht diamant.
5.	CHIWENGA, Constantine	Leas-Uachtarán Iar-Cheannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe, Ginearál ar scor a rugadh an 25.8.1956 Pas AD000263 ID 63-327568M80	Leas-Uachtarán agus iar-Cheannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe. Comhalta den Cheannas Oibríochtúil Comhpháirteach (Joint Operational Command) agus comhpháirteach i mbeartas stáit diansmachtúil a cheapadh nó a stiúradh. Bhain sé úsáid as an arm chun feirmeacha a tháthcheangal. Le linn na dtoghchán in 2008, bhí lámh ar leith aige i gcruthú an fhoréigin a bhain leis an bpróiseas don dara babhta den toghchán uachtaráin.
7.	SIBANDA, Phillip Valerio (dá ngairtear Valentine freisin)	Ceannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe Iar-Cheannasaí ar Arm Náisiúnta na Siombáibe, Ginearál, a rugadh an 25.8.1956 nó an 24.12.1954 ID 63-357671H26	Ceannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe agus iar-Cheannasaí ar Arm Náisiúnta na Siombáibe. Ball sinsearach den arm a bhfuil naisc aige leis an Rialtas agus atá comhpháirteach i mbeartas stáit diansmachtúil a cheapadh nó a stiúradh.

II. Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Na forais atá leis an ainmniú
1.	Zimbabwe Defence Industries	10th floor, Trustee House, 55 Samora Machel Avenue, PO Box 6597, Harare, Zimbabwe.	Tá baint ag Zimbabwe Defence Industries leis an Aireacht Cosanta agus le mionghrúpa ZANU-PF an Rialtais.

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES, scriostar an iontráil maidir leis an duine seo a leanas:

"4. Shiri, Perence (dá ngairtear Bigboy freisin) Samson Chikerema"